# *Paróiste an Fheirtéaraigh*

*Paróiste Dhún Chaoin, Paróiste Dhún Urlann, Paróiste Mhárthain, Paróiste na Cille, Paróiste Mórdhach*

**Fógraí na Seachtaine 28 Feabhra – 6 Márta 2026**

Ar dualgas do Limistéar Tréadach Chorca Dhuibhne an Domhnach seo – An tAthair Eamon Mulvihill 066-7139145

**Séipéal Naomh Gobnait, Dé Domhnaigh, 1 Márta ar a 9.00rn**
**Séipéal Naomh Uinseann, Dé Domhnaigh, 1 Márta ar a 10.00rn**
**Intinn:** **1.** Jim Ó Laoithe, Teach na Féile agus Leataoibh, C.M.
**2.** Micheál Mac Gabhann, Cathair Dhún Iascaigh.

**Guí an Phobail**
An tAthair Pádraig Ó Siochrú, An Coireán, a fuair bás le déanaí.

**Séipéal na Carraige, Dé Sathairn, 7 Márta ar a 7.30in**
**Intinn:** **1.** Micheál Breathnach, Baile na bhFionnúrach, C.B.
**2.** Máire Uí Scannláin, Baile an Lochaigh, 2ú C.B.
**Séipéal Naomh Uinseann, Dé Domhnaigh, 8 Márta, ar a 11.00rn**
**Intinn:** **1.** Mairéad (Peg) Ní Lúbhaing Londain agus Baile Eaglaise (C.B.) a muintir Séamus Ó Lúbhaing, Baile Eaglaise (C.B) agus a bhean Máire, a deirfiúr Anne Ptashnick (Ní Lúbhaing) Bostún agus muintir Lúbhaing, Baile Eaglaise atá ar slí na fírinne.

**Aifrinntí i rith na seachtaine**
**Séipéal Naomh Uinseann**
Dé Luain 9.30rn, Déardaoin 7.00in, Dé hAoine 9.30rn.
**Séipéal na Carraige,**
Dé Máirt 9.30rn, Dé hAoine 7.00in

**Beidh Aifreann an Domhnaigh, 8 Márta ó Shéipéal Naomh Uinseann á chraoladh beo ar Raidió na Gaeltachta, ar a 11.00rn (ní bheidh Aifreann 10.00rn ann an lá seo.**

**Adhradh na Naomh Shacraiminte i Séipéal Naomh Gobnait**
Beidh Adhradh na Naomh Shacraiminte i Séipéal Naomh Gobnait, an Domhnach seo chugainn, **8 Márta** óna 2.00-4.00in.

**Seachtain na Gaeilge 1 – 17 Márta. Gach eolas www.snag.ie**

## Léachtaí don gCarghas
Beidh sraith léachtaí arlíne á eagrú ag Deoise Chiarraí dár teideal 'Beyond Almsgiving', 10 Márta agus 24 Márta ar a 7.30in. Aoi chainteoir Dr. Aoife McGrath (Maigh Nuad) agus cainteoirí ó SVP agus Trócaire. Gach eolas agus clárú www. dioceseofkerry.ie.

**Turas na Croise**
B'fhéidir nach bhfuil ar do chumas dul go dtí an séipéal chun Staisiúin na Croise a dhéanamh. Tá ana chuid leaganacha le fáil ar an YouTube, mar shampla Stations of the Cross le Naomh Alphonsus Liguori.

**Oilithreacht go Avellino, San Giovanni Rotondo agus Pompeii,** 25 Lúnasa – 1 Meán Fómhair 2026. Stiúrthóir Spioradálta An tAthair Eoghan. Gach eolas ó Ann Fehan 087-2738103.

**Aifreann Míosúil Naomh Carlo Acutis**
Beidh Aifreann agus Beannú le taisí Naomh Carlo Acutis ar siúl i Séipéal Naomh Uinseann, **Déardaoin, 5 Marta** ar a 7.00in. Beidh Adhradh, an Chroóin Mhuire agus paidreacha eile ann óna 6.00in. Fáilte roimh chách.

**Glaochanna Comaoineach**
Dé hAoine 6 Márta, an Chéad Aoine. Glaochanna Comaoineach mar seo leanas:

| | |
|---|---|
| Déardaoin, 5 Márta | Paróiste na Cille/Paróiste Módhrach tar éis lóin |
| Dé hAoine, 6 Márta | Dún Chaoin/An Buailtín/Paróiste Mhárthain tar éis lóin |

**Leabhair sna Séipéil**
*Aithris ar Chríost.* An tAthair Peadar Ó Laoire a dhein an t-aistriúchán (Athchóirithe ag Risteárd Mac Annraoi). Ábhar léitheoireachta don gCarghas. Costas €8.

**Paidir tar éis Comaoineach**
Fáilte romhat, a Íosagáin, isteach i lár mo chléibh.
Fáilte fíor-chaoin fearaim romhat, A mhuirnín ghrámhar ghlé.
Is tú, a lao, a chruthaigh mé, is thug dom meabhair is ciall.
Adhraim thú, is molaim thú, is tú mo Thiarna Dia.
Tabhair inniu do ghrásta dhom, is coinnigh mé ó bhaol,
Fóir-se ar do pháiste beag, a cheannaigh tú go daor.
M'athair is mo mháthair dhíl, beannaigh iad araon,
Beannaigh leis mo chairde gaoil, sa bhaile is i gcéin.
(Uinseann Ó Gairbhí a chur ar fáil dúinn an phaidir)

**Bingó Mór**
Dé hAoine, 13 Márta, in Óstan Benners, ar mhaithe le Kerry Cancer Support Group Bus. Duaiseanna móra le buachtaint ar an oíche. Cead isteach 6.00in. Biongó ag tosnú ar a 7.15in.

## Claochlú (An Tarna Domhnach den gCarghas)

Fuair Peadar agus Eoin agus Séamas spléachadh éigin ar ghlóir an Tiarna ar an sliabh naofa de réir an tsoiscéil inniu.  Chonaic siad claochlú glórmhar choirp an Tiarna ar shlí éigin mhíorúilteach. Bhíodh glóir Íosa ceilte de ghnáth; ba chuma é nó aon stollaire ón áit ar a éide agus a iompar.  Ach an uair seo, thaibhsigh a ghlóir ar shlí éigin iontach.   Bheadh an ghlóir sin buan tar éis na croise agus an aiséirí.  Dhaingnigh sé a gcreideamh, ar ndóigh, agus le himeacht na mblianta thuig siad gur réamheolas é ar na hiontais a bhí le teacht.  Táimid páirteach leo sa chreideamh sin agus sa dóchas sin; ní hé Críost amháin a chuaigh isteach sa ghlóir. Táimidne leis le múnlú i gcosúlacht a choirp ghlórmhair.  Ach ní gan a bheith páirteach sa chrois ar shlí éigin a tharlóidh sin. Níl ach breis bheag is seachtain dár gCarghas déanta againn.  Cheana féin tá ag maolú ar ár ndíograis. Sin é an saol, sin é nádúr an duine, ach tá Íosa ina aonar farainn, agus sinn le chéile ar an ísleán idir an dá chnoc, cnoc na glóire agus cnoc na croise.  Is fiú sracfhéachaint a thabhairt orthu araon.

**Naomh Ciarán (5 Márta)**
Is i nOileán Cléire i gContae Chorcaí a rugadh Naomh Ciarán Saighre. Áirítear é mar dhuine de na naoimh a bhí in Éirinn sula dtáinig Naomh Pádraig.  Chuaigh sé go dtí an Mhór-Roinn, áit ar baisteadh é agus inar oirníodh é ina shagart agus ina easpag.  D'fhill sé ar Osraí, ceantar dúchais a athar, agus chaith sé seal ina dhíthreabhach ach bhailigh deisceabail timpeall air agus i gceann tamaill bhí mórchlú ar an mainistir sin a bhí i Saighir.  Tá Tobar Chiaráin i mBaile Dháith.

## Naomh Proinsias (1226-2026)

Beidh Naomh Proinsias caillte 800 bliain i mbliana.  Ceiliúrfar Bliain Iubhaile Naomh Proinsias ón 10 Eanáir 2026 go dtí 10 Eanáir 2027.  D'fhógair an Pápa Leon XIV go mbeadh loghanna le fáil má thugtar cuairt ar láthaireacha Proinsiasacha nó ómós poiblí a thabhairt dá chorp (in Assisi, 22 Feabhra go dtí 22 Márta 2026).  Breis eolais www.sanfrancescoassisi.org.

**Ciste an Pharóiste € 1465.00**
Más mian leat tacú le Ciste an Pharóiste is féidir leat do shíntúis a chur i gCúntas Pharóiste an Fheirtéaraigh, Banc AIB, Príomhshráid, An Daingean –
**IBAN: IE40 AIBK 93628602 090140 (BIC: AIBKIE2D).** Bíonn cuimhneamh speisialta oraibh i gcaitheamh na bliana.
**Más mian leat clarú do na clúdaigh, cuir glaoch ar Thigh na Sagart 9156131.  Go gCuití Dia go fial libh.**

**Fógraí go Tigh na Sagart, roimh 10.30 r.n. Déardaoin, le bhur dtoil:**
Fón:  066-9156131          r-phost:  oifig@yahoo.ie